CINNEADH (CBES) 2020/792 ÓN GCOMHAIRLE

an 11 Meitheamh 2020

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv [1] **(EULEX KOSOVO)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES [2].

(2) An 8 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/856 [3], lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh leis an Misean go dtí an 14 Meitheamh 2020.

(3) An 16 Aibreán 2020, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) gur cheart, i ngeall ar na himthosca a bhaineann le paindéim COVID-19, síneadh bliain amháin a chur le EULEX KOSOVO leis an sainordú céanna, ar tréimhse í a fhéadfar a athbhreithniú nuair is féidir sin a dhéanamh de réir na n-imthosca.

(4) Ba cheart méid tagartha do thréimhse a tsinídh a dheonú do EULEX KOSOVO.

(5) Ina theannta sin, chomhaontaigh CPS an 14 Bealtaine 2020 gur cheart do Lars-Gunnar WIGEMARK, a ceapadh mar Cheann Misin an 28 Samhain 2019 le Cinneadh (CBES) 2019/1991 ó CPS [4], leanúint den fheidhm seo a chomhlíonadh go ceann tréimhse bliain amháin eile.

(6) Níor cheart a thuiscint go ndéanann aon ní sa Chinneadh seo dochar do neamhspleáchas agus d'uathriail na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí i gcomhthéacs EULEX KOSOVO.

(7) Ós rud é go bhfuil saintréithe speisialta ag roinnt le gníomhaíochtaí EULEX KOSOVO de thaca leis na himeachtaí breithiúnacha a athlonnaíodh laistigh de Bhallstát, is iomchuí a shainaithint sa Chinneadh seo an méid a bheartaítear chun an tacaíocht do na himeachtaí breithiúnacha sin a athlonnaíodh a chumhdach agus foráil a dhéanamh maidir leis an gcuid sin den bhuiséad a chur chun feidhme trí bhíthin deontais.

(8) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES a leasú dá réir.

(9) Cuirfear EULEX KOSOVO i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

---

[1] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[2] Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L 42, 16.2.2008, lch. 92).

[3] Cinneadh (CBES) 2018/856 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2018 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (*1) (EULEX KOSOVO) (IO L 146, 11.6.2018, lch. 5).

[4] Cinneadh 2019/1991 (CBES) ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CBES) an 28 Samhain 2019 maidir le ceapadh Ceann Misin ar Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/2/2019) (IO L 308, 29.11.2019, lch. 105).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 8, cuirtear an mhír seo a leanas leis::

"11. Beidh Lars-Gunnar WIGEMARK ina Cheann Misin don tréimhse ón 15 Meitheamh 2020 go dtí an 14 Meitheamh 2021.".

(2) In Airteagal 16(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

"Is é EUR 83 745 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun caiteachas EULEX KOSOVO a chumhdach ón 15 Meitheamh 2020 go dtí an 14 Meitheamh 2021.

As an méid dá dtagraítear sa seachtú fomhír déag, is é EUR 38 700 000 a bheidh sa mhéid a bheartaítear chun caiteachas EULEX KOSOVO a chumhdach lena shainordú a chur chun feidhme sa Chosaiv agus is é EUR 45 045 000 a bheidh sa mhéid a bheartaítear chun an tacaíocht do na himeachtaí breithiúnacha a athlonnaíodh laistigh de Bhallstát a chumhdach.

Síneoidh an Coimisiún comhaontú deontais le cláraitheoir a bheidh ag gníomhú thar ceann clárlainne a bheidh i gceannas ar riaradh na n-imeachtaí breithiúnacha athlonnaithe ar shuim EUR 45 045 000. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le deontais dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) maidir leis an gcomhaontú deontais seo.

Cinnfidh an Chomhairle an méid tagartha airgeadais don tréimhse ina dhiaidh sin do EULEX KOSOVO."

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ón gComhairle (IO L 193, 30.07.2018, lch. 1).".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den dara fomhír d'Airteagal 20:

"Rachaidh sé in éag ar an 14 Meitheamh 2021.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Meitheamh 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ